



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUIMHIR

*Scrúdú na  
hArdteistiméireachta, 2021*

Stampa an Ionaid

## *Gaeilge Gnáthleibhéal*

**Páipéar I (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)**

160 MARC

**Dé Luain  
14 Meitheamh  
Tráthnóna, 2.00 go dtí 3.50**

### **Cuid I: Cluastuiscint** (60 Marc)

<i>Don Scrúdaitheoir</i>	
Cuid I: Cluastuiscint	
Na hIomláin	
Cuid A, Fógra 1	
Cuid A, Fógra 2	
Cuid B, Comhrá 1	
Cuid B, Comhrá 2	
Cuid C, Píosa 1	
Cuid C, Píosa 2	
Iomlán	

Eolas	
Gaeilge	
Móriomlán	

Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.

# **Cuid I: Cluastuiscint**

(60 Marc)

---

## ***Treoracha d'iarrthóirí***

---

**Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.**

**Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.**

---

# Cuid A

Cloisfidh tú **dhá** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

## FÓGRA A hAON

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Cén ollscoil a chuir amach an fógra seo?	
Cén cineál Gaeilge atá riachtanach don phost seo?	
Cén tuarastal a gheobhaidh an duine a cheapfar?	
Cén seoladh ríomhphoist ar chóir litir iarratais a chur chuige?	

## FÓGRA A DÓ

1. (a) Cén cumann a chuir amach an fógra seo?

---

(b) Cad a bhí ar siúl in Éirinn idir na blianta 1919 agus 1921?

---

2. (a) Cad é an líon focal is airde atá ceadaithe sa chuntas?

---

(b) Cén cineál dearbháin a gheobhaidh gach buaiteoir mar dhuais?

---

# Cuid B

---

Cloisfidh tú **dhá** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

---

## COMHRÁ A hAON

### *An Chéad Mhír*

1. Cá fhad a chaith Nuala agus a muintir ar saoire?

---

2. Cá dtéadh Nuala agus a muintir ag siúl gach maidin?

---

### *An Dara Mír*

1. Cad a ghlac Nuala agus a muintir ar cíós ar Thoraigh?

---

2. Cad a d'imríodh Nuala agus a muintir sa teach gach tráthnóna?

---

## COMHRÁ A DÓ



### *An Chéad Mhír*

1. Cár cuireadh an ceoldráma *Oilibhéar* ar stáitse le déanaí?

---

2. Scríobh síos rud **amháin** a bhí le déanamh ag Seán ag na trialacha don cheoldráma.

---


### *An Dara Mír*

1. Conas a mhothaíodh Seán gach oíche sula dtéadh sé amach ar an stáitse?

---

2. Cad a thug an lucht féachana do na haisteoirí ag deireadh gach seó?

---



# Cuid C

---

Cloisfidh tú **dhá** píosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

---

## PÍOSA A hAON

1. Cé a sheol an foclóir nua Béarla-Gaeilge ar an 30 Deireadh Fómhair 2020?

---

2. Cén praghas atá ar an bhfoclóir nua Béarla-Gaeilge?

---

## PÍOSA A DÓ

1. Cad a bhuaigh an Clár Bia Domhanda anuraidh?

---

2. Scríobh síos bealach **amháin** a dtugtar an bia chomh fada leis na daoine atá ag fulaingt leis an ocra.

---

# **Cuid II: Ceapadóireacht**

(100 Marc)

---

## ***Treoracha d'iarrthóirí***

---

**Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.**

**Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.**

**Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.**

---

# CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

## A – GIOTA LEANÚNACH / BLAG – (50 marc)

Scríobh **giota leanúnach** nó **blag** (leathleathanach nó mar sin) ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

- (i) Ócáid spóirt a thaitin liom.
- (ii) Duine a bhfuil meas agam air / uirthi.
- (iii) M'áit chónaithe.

## B – SCÉAL – (50 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeadh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar **thús** leis.

- (i) Léigh mé an téacs ón stáisiún raidió. 'Tá an chéad duais sa chomórtas buaite agat.'  
Níor chreid mé mo shúile ...

nó

- (ii) Bhí mé féin agus mo chara amuigh ag rith. Go tobann, thit mo chara i laige ...

## C – LITIR / RÍOMHPHOST – (50 marc)

- (i) Tá tú féin agus do chairde díreach ar ais sa bhaile tar éis seachtain a chaitheamh in ionad saoire cois farraige.

Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó / di faoin ionad saoire sin **agus** faoi na rudaí a rinne sibh fad a bhí sibh ann.

nó

- (ii) Chaith tú féin agus do chairde deireadh seachtaine ag féile cheoil.  
Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig do dheartháir / do dheirfiúr san Astráil ag insint dó / di faoin bhféile cheoil sin **agus** faoi na rudaí a rinne sibh fad a bhí sibh ann.

## D – COMHRÁ – (50 marc)

- (i) Beidh brón ort ag fágáil na meánscoile ach ní bheidh aon bhrón ar do chara.  
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do chara faoin ábhar sin.

nó

- (ii) Is maith leat dul go dtí an phictiúrlann ach is fearr le do chara féachaint ar *Netflix*.  
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do chara faoin ábhar sin.

# **Leathanach Bán**